

Cumann Mícheál Breathnach 2011

Conall Ó Céidigh (Rúnaí)

Tá bliain eile curtha dinn anseo in Indreabhán agus bhí go leor ag tarlú i gcaitheamh na bliana. Idir na foirne faoi aois agus na foirne Sóisir agus Sinsir, tá an oiread cluichí imeartha agus traenáil déanta i gcaitheamh na bliana. Chomh maith leis sin d'fhág muid slán ag ár gCathaoirleach, Pádhraic Joe Shéamuís Ó Fatharta. Ba mhaith liom thar ceann an Chumainn - na baill agus na foirne agus na fochoistí ar fad - buíochas a ghlacadh le Pádhraic as ucht an obair a chuir sé isteach sa gCumann ar feadh na mblianta. B'ambasadóir iontach don Chumann é agus aireoidh muid uainn go mór é. Faoi láthair is é Tadhg Mór Ó Curraoin a sheas isteach sa mbearna. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh leis na bainisteoirí, traenálaíthe agus imreoirí a rinne a ndícheall i gcaitheamh na bliana. Is iontach an chreidúint sibh ar fad do Chumann Mícheál Breathnach.

Tá muid i gcónaí ag cuartú cúnaimh ó mhuintir na háite. Má tá suim agat cúnamh a thabhairt, labhair le duine de na bainisteoirí nó le duine ar bith ar aon choiste; bheadh míle fáilte romhaibh ar fad. Is féidir freisin tacaíocht a thabhairt nuair a imríonn sibh an lotto. Ní chosnaíonn sé ach €2 sa tseachtain agus tugann sé cúnamh dúinn na foirne agus an pháirc a choinneáil ag imeacht. Is féidir an lotto a cheannacht ar líne freisin ag www.michealbreathnach.com.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh le Coiste na Páirce. Ní jab éasca é an pháirc a choinneáil i gceart ach bíonn sí thar barr i gcónaí. Tá buíochas feisin ag dul do Bheachla Ó Maoileoin agus do Choiste Páirce Ros an Mhíl as ucht cead a thabhairt dúinn an pháirc a úsáid i gcaitheamh na bliana.

Le cúnamh Dé, déanfaidh muid ar fad arís é an bhliain seo chugainn.

Peil Sinsir

I gcraobh sinsir peile na Gaillimhe i mbliana, tarraingíodh Mícheál Breathnach i gcoinne Chora Finne sa gcéad bhabhta den chraobh ach, ar an drochuair dóibh, chliseadar leis an scór 2-11 le 1-6. Sa gcéad bhabhta eile, an babhta cúldorais ar an 29ú lá de Bhealtaine, bhí bua maith ag na Breathnaigh ar an gCreagán/Maigh Locha leis an scór 1-11 i gcoinne 0-12. Ar an drochuair, rinne foireann an Achreidh achomharc maidir leis an gcluiche sin agus, i ndiaidh próiseas fada agus go leor anonn agus anall, athimríodh an cluiche ar an 11ú lá de Mheán Fómhair agus d'éirigh leis an gCreagán bua de dhá chúilín a fháil agus d'fhág Mícheál Breathnach slán le craobh na bliana seo.

Bhí an fhoireann sinsir páirteach i Roinn 1a na sraithe i mbliana agus

d'éirigh leo cluiche amháin a bhuachan i gcoinne Bhóthar na Trá. Chliseadar ina gcuid cluichí i gcoinne Bhaile an Mhuilinn, Bhearna, Naomh Anna, Chora Finne, Chill Fhir Iarainn agus na Ceathrún Rua. Tá dhá chluiche fós fagtha i gcoinne Réalta Thuama agus Mhaigh Cuilinn ach beidh an fhoireann páirteach i Roinn 1b an bhliain seo chugainn.

I gcraobh faoi 21 na bliana seo, bhí bua maith de chúig chúilín ag Mícheál Breathnach ar fhoireann na cathrach, Naomh Mícheál, sa gcluiche ceathrú ceannais leis an scór 1-10 i gcoinne 1-5. Sa gcluiche leathcheannais, fuair siad an láimh in uachtar ar Chill Aithnín le dhá chúilín, 1-8 i gcoinne 0-9, agus tá siad cáilithe don chluiche ceannais i gcoinne Bhóthar na Trá/Cnoc na Cathrach nach bhfuil imeartha go fóill.

Iomáint

Bliain stairiúil a bhí i 2011 do Choiste Iomána Chumann Mícheál Breathnach. Bhí dhá fhoireann fásta, na Sóisir B agus na Sóisir C, san iomaíocht den chéad uair, agus bhí na Sóisir B fós sa tóir go láidir ar Chraobh an Chontae agus an méid seo á scríobh.

Bhain an fhoireann Sóisir B barr an tábla sa ngrúpa amach, agus áit sna babhtaí ceathrú ceannais dá réir, le buanna ar an gCaisleán Gearr, ar Ard Rathain, ar Chill Chon Iarainn agus ar Chreachmhaoil; chríochnaigh a gcluiche le Naomh Tomás ar comhscór agus níor chaill siad cluiche grúpa ar bith. Bhuaigh siad ar na Sáirséalaigh sa gcluiche ceathrú ceannais agus bhí siad ar tí imirt sa gcluiche leathcheannais in aghaidh Thíne/Mainistir/Dún Doighre nuair a bhí sé seo á scríobh. (Féach lth. a 42)

Bhí rith maith ag an bhfoireann Sóisir C sna cluichí grúpa ach tháinig deireadh leis an rith sin in aghaidh an Chairn Mhoir sa gcluiche ceathrú ceannais.

Bhí bliain mhaith ag na Mionúir freisin; cháiligh siad as an ngrúpa ach níor éirigh leo sa mbabhta ceathrú ceannais.

Coiste na nÓg

Bhí bliain iontach ag ógánaigh Mícheál Breathnach le neart cluichí agus go leor gasúr ag glacadh páirte. Ó aois 8 suas go dtí 16 bliain, bhí siad cruógach ag traenáil agus ag imirt. Bhí Féile na nGael ar siúl i mbliana freisin agus tháinig foireann as Contae Lú a chaith an deireadh seachtaine anseo i gCois Fharraige linn. Bhí cluichí go leor ar siúl ag an aoisghrúpa 8-12 agus a lán gasúr ag glacadh páirte, idir bhuachaillí agus chailíní. D'éirigh thar cionn leis na leaids faoi 13, chuaigh siad go dtí an cluiche ceannais sa City League, bhain siad fíorshásamh as a gcuid cluichí agus as a gcuid traenála.

D'éirigh thar barr le buachaillí Mícheál Breathnach faoi 14 nuair a chrochadar leo corn Roinn 2 an Iarthair ar pháirc Ros Muc i gcluiche ceannais Pheil na nÓg. Fuaireadar an ceann is fearr ar Rinn Mhaoile leis an scór 5-13 in aghaidh 4-07. Ar aghaidh ansin go dtí cluiche ceannais Shraith an Chontae a d'imir na leaids in aghaidh Dhún Mór Mhic Éil, Dé Domhnaigh, an 3 Iúil, i Staid an Phiarsaigh ag 1.15 i.n., agus d'éirigh leo an bua a fháil ansin freisin.

Bhí campaí samhraidh ar siúl, don pheil agus don iomáint, ar Pháirc na mBreathnaigh agus d'fhreastail líon mór gasúr, idir bhuachaillí agus cailíní, ar na campaí seo. Bhí coicís spraoi ar siúl, ag foghlaim scileanna agus ag imirt cluichí, agus baineadh an-sásamh as sin. Tríd is tríd, bhí bliain mhaith shásúil ag Coiste na nÓg agus míle buíochas ón gCoiste le chuile dhuine a ghlac páirt, idir na gasúir, na tuismitheoirí / caomhnóirí agus chuile dhuine eile a thug tacaíocht.